RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/49 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Eanáir 2021

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle an 4 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

(2) Ar bhonn athbhreithnithe a rinneadh, ba cheart na hiontrálacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 do cheathrar a scriosadh agus an fhaisnéis maidir leis na cearta cosanta agus an ceart chun cosaint éifeachtach bhreithiúnach a thabhairt cothrom le dáta do bheirt.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Eanáir 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

([1]) IO L 31, 5.2.2011, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

I Rialachán (AE) Uimh. 101/2011, leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) i gCuid A (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2), scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

22. Bouthaina Bent Moncef Ben Mohamed TRABELSI

23. Nabil Ben Abderrazek Ben Mohamed TRABELSI

41. Akrem Ben Hamed Ben Taher BOUAOUINA

47. Slim Ben Tijani Ben Haj Hamda BEN ALI;

(2) leasaítear Cuid B(Cearta cosanta agus an ceart chun cosaint éifeachtach bhreithiúnach a fháil faoi dhlí na Túinéise) mar a leanas:

(a) Scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

22. Bouthaina Bent Moncef Ben Mohamed TRABELSI

23. Nabil Ben Abderrazek Ben Mohamed TRABELSI

41. Akrem Ben Hamed Ben Taher BOUAOUINA

47. Slim Ben Tijani Ben Haj Hamda BEN ALI;

(b) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha do na daoine seo a leanas:

"14. Samira Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí nó an triail fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 11 Lúnasa 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Samira Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI i láthair a dlíodóra.

45. Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, in 2011 agus in 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF i láthair a dhlíodóirí.".